II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1398 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meitheamh 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh ceaduithe a dheonaítear i gcomhréir le Rialacháin Uimh. 49 agus 96 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(11), Airteagal 25(4), pointí (b) agus (c), Airteagal 34(9), pointe (c), agus Airteagal 42(4), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is ar lucht na seirbhísí teicniúla a chuirtear cúram na bhfeidhmeanna cinnteoireachta sa chás nach nglactar le hionadaíochas an mháthair-innill atá á bheartú le haghaidh aicme inneall ar gás nádúrtha/bithmheatán (NG) nó gás peitriliam leachtaithe (LPG) is breosla dóibh, lena n-áirítear innill débhreosla. Mar sin féin, i bhfianaise thionchar foriomlán na gcinntí sin ar an bpróiseas cineálcheadaithe, is ar na húdaráis chineálcheadaithe ba cheart an fhreagracht a bheith as eisiúint na gcinntí sin.

(2) Le pointe 11.4.2.1.4 d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 ón gComhairle ([2]), is éard a cheanglaítear nach féidir an t-áiritheoir a athshocrú agus é reoite ach i gcás nár braitheadh aon mhífheidhm rialaithe NO_xle 40 uair an chloig roimhe sin in oibriú an innill. Is éard a cheanglaítear leis an leagan ábhartha de Rialachán Uimh. 49 ón UNECE áfach gur le 36 uair a chloig roimhe sin d'oibriú an innill nach mbeadh aon mhífheidhm rialaithe NO_x braite, ní hionann agus le 40 uair an chloig. Fágann an mí-ailíniú sin nach féidir glacadh le coibhéis cineálcheaduithe a dheonaítear faoin leagan ábhartha de Rialachán Uimh. 49 ón UNECE. Dá bhrí sin, ceanglas nach mbeadh chomh dian sin gur 36 uair an chloig a bheadh i gceist ar a laghad, ba cheart a mheas gur leor sin maidir le cineálcheadú AE a dheonú faoi Rialachán (AE) 2016/1628.

(3) De réir an chúigiú mír de phointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654, féadfaidh seirbhísí teicniúla pointí oibriúcháin ó aon cheann de na limistéir rialaithe innill a eisiamh agus an timthriall tástála um fhoistine neamhbhóthair á dhéanamh. Mar sin féin, i bhfianaise an tionchair fhoriomláin a imríonn na cinntí sin ar an bpróiseas cineálcheadaithe, is iomchuí a cheangal go n-aontóidh na húdaráis cheadaithe leis na heisiaimh sin.

([1]) IO L 252, 16.9.2016, lch. 53.
([2]) OJ L 102, 13.4.2017, p. 1

(4) Na teorainneacha astaíochtaí, na ceanglais ghinearálta agus theicniúla agus na modhanna tástála a leagtar amach i sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe agus i sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE, is teorainneacha iad atá comhsheasmhach leis na teorainneacha atá i Rialachán (AE) 2016/1628, cé is moite d'Airteagail 19 den Rialachán sin. Dá bhrí sin, cineálcheaduithe a dheonaítear i gcomhréir le sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 49 ón UNECE agus sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE, ba cheart iad a aithint gur coibhéiseach dóibh leis na cineálcheaduithe AE a dheonaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1628 agus le marcáil reachtúil a éilítear i gcomhréir leis an rialachán céanna, a mhéid a áirithíonn údarás ceadaithe go gcomhlíonann an monaróir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1628.

(5) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1628, an monaróir inneall a cheadaítear i gcomhréir le sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 49 ón UNECE nó sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE, ba cheart dó a iarraidh ar údarás ceadaithe amháin nó níos mó maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1628.

(6) Na teorainneacha astaíochtaí, na ceanglais ghinearálta agus theicniúla agus na modhanna tástála a leagtar amach i sraitheanna leasuithe 00, 01, 02, 03 agus 04 ([3]) ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE, is teorainneacha iad atá comhsheasmhach leis na teorainneacha atá ann le haghaidh teorainneacha astaíochtaí truailleán Chéim I, Chéim II, Chéim IIIA, Chéim IIIB agus Chéim IV a leagtar amach i dTreoir 97/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus leis na teorainneacha atá ann le haghaidh innill sainchuspóra (SPE) a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5, míreanna 6 agus 34 de Rialachán (AE) 2016/1628. Dá bhrí sin, na cineálcheaduithe a dheonaítear i gcomhréir le sraitheanna leasuithe 00, 01, 02, 03 agus 04 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE, ba cheart a aithint gur coibhéiseach dóibh leis na cineálcheaduithe AE a dheonaítear do chineálcheaduithe CE de chuid Chéimeanna I, II, IIIA, IIIB agus IV i gcomhréir le Treoir 97/68/CE agus leis an marcáil reachtúil a éilítear le haghaidh na gcineálcheaduithe CE sin i gcomhréir leis an rialachán céanna, agus le cineálcheaduithe AE maidir le hinnill sainchuspóra (SPE) atá i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1628.

(7) Chun gur féidir an t-inneall a shainaithint go soiléir agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha riaracháin is infheidhme, innill a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le cineálcheaduithe a deonaíodh i gcomhréir le sraitheanna leasuithe 00, 01, 02, 03 agus 04 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE, ba cheart an ráiteas comhréireachta agus an mharcáil fhorlíontach is infheidhme a bheith ag gabháil leo i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 32(2) de Rialachán (AE) 2016/1628.

(8) Ón taobh teicniúil de, na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, tá siad neamhábhartha maidir le feidhmíocht astaíochtaí inneall. Cineálcheaduithe AE do chineál innill nó d'aicme inneall a cheadaítear i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 de réir an leagain is infheidhme an 23 Lúnasa 2021, is iomchuí dá bhrí sin go mbeidh siad fós bailí.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 mar a leanas:

(1) in Airteagal 20a, cuirtear mír 3 seo a leanas isteach:

"3. Cineálcheaduithe AE do chineál innill nó d'aicme inneall a cheadaítear i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654 roimh an 24 Lúnasa 2021, beidh siad fós bailí.";

(2) Iarscríbhinní I, IV, V agus XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654, leasaítear iad i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([3]) Rialachán Uimh. 96 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineálcheadú na n-inneall adhainte chomhbhrú atá le suiteáil i dtarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí truailleán ón inneall (IO L 88, 22.3.2014, lch. 1).

([4]) Treoir 97/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta i gcoinne astaíocht na dtruailleán gásach agus cáithníneach ó innill dócháin inmheánaigh atá le suiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (IO L 59, 27.2.1998, lch. 1).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, IV, V, agus XIII mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.6.2:

"2.6.2. An aicme inneall a shainítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/656, i gcás ina gcinnfidh an t-údarás ceadúcháin nach bhfuil an t-iarratas a cuireadh isteach iomlán ionadaíoch ar an aicme sin a mhéid a bhaineann leis máthair-inneall a roghnaíodh, féadfaidh an t-údarás ceadúcháin inneall tástála tagartha eile a roghnú agus é a thástáil, chomh maith le hinneall tástála tagartha breise más gá sin.";

(2) in Iarscríbhinn IV, leasaítear Foscríbhinn 1 mar a leanas:


(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11.4.2.1.4.:

"11.4.2.1.4. Nuair a bheidh an t-áiritheoir reoite, déanfar é a athshocrú ar nialas nuair a bheidh iomlán a dtimthrialla faireacháin curtha díobh ag na monatóirí a bhaineann leis an áiritheoir sin uair amháin ar a laghad gan mífheidhm a bhrath agus nuair nach mbeidh aon mhífheidhm a bhaineann leis an áiritheoir sin braite le 36 uair a chloig ar a laghad d'oibriú an innill ó stopadh an t-áiritheoir go deireanach (féach Figiúr 4.4).";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhíor 4.4:

"*Fíor 4.4.*

Áiritheoir a athghníomhachtú agus a athshocrú ar nialas tar éis tréimhse a raibh an luach reoite ann




I gcás nach lú ná 36 uair an chloig oibrithe atá in "x"";

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhíor 4.6.:

"*Fíor 4.6.*

Líonadh le droch-chaighdeán imoibrí




I gcás nach lú ná 36 uair an chloig oibrithe atá in "x"";

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhíor 4.7.:

"Fíor 4.7.

Cliseadh ar an gcóras dáilte imoibrí



I gcás nach lú ná 36 uair an chloig oibrithe atá in "x"";

(3) in Iarscríbhinn V, pointe 1., cuirtear an méid seo a leanas in ionad na cúigiú míre:

"Na limistéir rialaithe a leagtar amach i roinn 2, féadfaidh an monaróir a iarraidh go ndéanfaidh lucht na seirbhíse teicniúla pointí oibriúcháin ó aon cheann de na limistéir sin a eisiamh le linn an léirithe a leagtar amach i roinn 3. Deonóidh an tseirbhís theicniúil an t-eisiamh sin, ar chomhaontú ón údarás ceadúcháin, má léiríonn an monaróir nach féidir leis an inneall oibriú ag na pointí sin ar chor ar bith agus é a úsáid in aon chomhcheangal innealra soghluaiste nach innealra bóthair é."

(4) leasaítear Iarscríbhinn XIII mar a leanas:

(a) leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (2):

"(2) cineálcheaduithe atá i gcomhréir le sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 49 ón UNECE *, i gcás ina ndeimhneoidh seirbhís theicniúil go gcomhlíonann an cineál innill:

(a) na ceanglais a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn IV, i gcás inarb é an t-aon ní atá beartaithe leis an inneall a úsáid in ionad inneall a bhaineann le Céim V de chuid chatagóir IWP agus chatagóir IWA, i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (1)(b) de Rialachán (AE) 2016/1628, nó

(b) na ceanglais a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn IV le haghaidh innill nach gcumhdaítear le mír (a),

agus i gcás ina ndeimhneoidh údarás ceadúcháin go gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1628.

* Rialachán Uimh. 49 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na bearta atá le déanamh i gcoinne astaíocht na dtruailleán gásach agus cáithníneach ó innill dócháin inmheánaigh agus innill adhainte deimhní atá le húsáid i bhfeithiclí (IO L 171, 24.6.2013, lch. 1).";

(ii) cuirtear isteach fophointe (3) seo a leanas leis:

"(3) cineálcheaduithe atá i gcomhréir le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 96 ** ón UNECE, cineálcheaduithe d'aicmí inneall nó cineálacha inneall de chuid chatagóir NRE a leagtar amach i dTábla I-1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1628, i gcás ina ndeimhneoidh údarás ceadúcháin go gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1628.

** Rialachán Uimh. 96 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú inneall atá le suiteáil i dtarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí truailleán ón inneall (IO L 107, 17.4.2019, lch. 1).";

(b) cuirtear isteach pointí 2 go 4.1 seo a leanas:

"2. Maidir le haicmí inneall nó cineálacha innill de chuid chatagóirí NRG, NRSh, NRS, SMB agus ATS, aithneofar cineálcheaduithe atá i gcomhréir le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE agus a chomhfhreagraíonn do na catagóirí innill a leagtar amach i dTáblaí I-2, I-3 agus I-4 agus i dTáblaí I-9 go I-10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1628, agus, i gcás inarb infheidhme, an mharcáil reachtúil chomhfhreagrach, aithneofar iad a bheith coibhéiseach le cineálcheaduithe AE a dheonaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1628 agus le marcáil reachtach a cheanglaítear i gcomhréir leis an Rialachán sin i gcás ina ndeimhneoidh údarás ceadúcháin go gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1628.

3. Maidir le hinnill sainchuspóra (SPE) a thagann faoi raon feidhme Airteagal 34, mír 5 agus mír 6 de Rialachán (AE) 2016/1628, de chatagóir NRE ag a bhfuil cumhacht tagartha nach lú ná 19 kW agus nach mó ná 560 kW, cineálcheaduithe Chéim IIIA i gcomhréir le sraith leasuithe 02 ***, 03 **** nó 04 ***** ar Rialachán UNECE Uimh. 96 d'aicmí innill nó de chineálacha innill chatagóir NRE, faoi mar a leagtar amach i dTábla VI-1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1628 agus an mharcáil reachtúil i gcás inarb infheidhme, aithneofar gur coibhéiseach dóibh le cineálcheaduithe agus le marcáil reachtúil AE a cheanglaítear i gcomhréir leis an Rialachán sin.

3.1. Ceanglais bhreise:

Innill atá bunaithe ar chineálcheadú a ghlactar a bheith coibhéiseach le cineálcheadú AE i gcomhréir le pointe 3, comhlíonfaidh siad ceanglais Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/654.

4. Le haghaidh na gcéimeanna astaíochta seo a leanas, cineálcheaduithe arb ar Rialacháin ón UNECE atá siad bunaithe agus ar cineálcheaduithe iad d'aicmí inneall nó cineálacha innill de chuid na gcatagóirí a liostaítear thíos, agus, i gcás inarb infheidhme, an mharcáil reachtúil chomhfhreagrach, aithneofar gur coibhéiseach dóibh le cineálcheaduithe AE a dheonaítear faoi Threoir 97/68/CE agus le marcáil reachtúil a cheanglaítear faoin treoir chéanna, rud a dhéanfar i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2016/1628:

(1) Céim IV: cineálcheaduithe d'innill de chuid chatagóirí Q agus R a leagtar amach in Airteagal 9 de Threoir 97/68/CE i gcomhréir le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE;

(2) Céim IIIB: cineálcheaduithe d'innill de chuid chatagóirí L, M, N agus P a leagtar amach in Airteagal 9 de Threoir 97/68/CE i gcomhréir le sraith leasuithe 03 nó 04 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE;

(3) Céim IIIA: cineálcheaduithe d'innill de chuid chatagóirí H, I, J agus K a leagtar amach in Airteagal 9 de Threoir 97/68/CE i gcomhréir le sraith leasuithe 02, 03 nó 04 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE;

(4) Céim II: cineálcheaduithe d'innill de chuid chatagóirí D, E, F agus G a leagtar amach in Airteagal 9 de Threoir 97/68/CE i gcomhréir le sraith leasuithe 01 ******, 02, 03 nó 04 ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE;

(5) Céim I: cineálcheaduithe d'innill de chuid chatagóirí A, B agus C a leagtar amach in Airteagal 9 de Threoir 97/68/CE i gcomhréir le sraith leasuithe 00 ******* ar Rialachán Uimh. 96 ón UNECE.

4.1. Ceanglais bhreise

Innill atá bunaithe ar chineálcheadú a nglactar leis gur coibhéiseach dóibh le cineálcheadú AE i gcomhréir le pointe 4, beidh ráiteas comhréireachta agus an fhaisnéis fhorlíontach ag gabháil leo ina marcáil reachtach, marcáil a cheanglaítear le hAirteagail 31 agus 32(2) de Rialachán (AE) 2016/1628 agus a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/656.

*** Níor foilsíodh sraith leasuithe 02 san Iris Oifigiúil.

**** Níor foilsíodh sraith leasuithe 03 san Iris Oifigiúil.

***** Rialachán Uimh. 96 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú innill adhainte chomhbhrú atá le suiteáil i dtarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí truailleán ón inneall (IO L 88, 22.3.2014, lch. 1).

****** Níor foilsíodh sraith leasuithe 01 san Iris Oifigiúil.

******* Níor foilsíodh sraith leasuithe 00 san Iris Oifigiúil.".